Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)**

**13233/22**

**CDR 126**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litreacha dar dáta an 3 Lúnasa 2022 agus an 14 Deireadh Fómhair 2022, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis na sainorduithe náisiúnta ar dá mbun a moladh Manuel Alejandro CARDENETE FLORES agus María SÁNCHEZ RUIZ, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus a ceapadh iad.[1]

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12115/22; 13810/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun críche a n-ionadaithe, mhol Rialtas na Spáinne[2] Ana Belén ÁLVAREZ FERNÁNDEZ, *Consejera de Economía y Hacienda del Gobierno de Cantabria* (Aire Réigiúnach Geilleagair agus Airgeadais, Rialtas Cantabria), ionadaí de chomhlacht réigiúnach a bhfuil sainordú toghchánach aici in údarás réigiúnach, agus José Enrique MILLO ROCHER, *Secretario General de Acción Exterior, Unión Europea y Cooperación, Junta de Andalucía* (Ardrúnaí um Ghníomhaíocht Sheachtrach, an tAontas Eorpach agus Comhar, Rialtas na hAndalúise), ionadaí de chomhlacht réigiúnach atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 13232/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 13231/22.